# 19 Bailiú cánach ar dheochanna milsithe le siúcra

**19.1** Tugadh an Cháin ar Dheochanna Siúcra-Mhilsithe (cáin shiúcra) isteach i mí Bealtaine 2018 faoin Acht Airgeadais 2017.[1] Tá an cháin ar cheann de na bearta a dhíríonn ar dhul i ngleic leis an murtall in Éirinn, trí chaitheamh siúcra i bhfoirm deochanna milsithe a laghdú. Ar an mbonn sin, príomhchuspóir na cánach is ea an iompraíocht a athrú seachas cur leis an ioncam i.e.

- trí dhaoine aonair a spreagadh líon na ndeochanna siúcra-mhilsithe a ólann siad a laghdú, nó athrú chuig deochanna eile atá níos sláintiúla, agus
- tríd an tionscal a spreagadh athleagan a chruthú de tháirgí deochanna chun leibhéil an tsiúcra bhreise a laghdú.

**19.2** Baineann an cháin le deochanna uiscebhunach agus súbhunaithe a bhfuil siúcra breise iontu agus a bhfuil líon iomlán an tsiúcra ag cúig ghram nó níos mó in aghaidh 100ml.[2] Cuireadh le scóip na cánach i mí Eanáir 2019 chun deochanna próitéine plandabhunaithe ar leith a chur san áireamh, chomh maith le deochanna eile a bhfuil saill bhainne iontu.[3] Is féidir le táirgí atá inchurtha faoin gcáin a bheith i bhfoirm réidh le hól nó i bhfoirm chomhdhlúite. Socraítear an ráta cánach infheidhme bunaithe ar líon iomlán an tsiúcra sa deoch. Is iad seo ná rátaí atá i bhfeidhm faoi láthair:

- **Banda 1:** €16.26 in aghaidh an heictilítir (i.e. 100 lítear) má tá idir 5g agus 7.99g siúcra in aghaidh 100ml ann — is ionann sin agus cáin 5 cent ar ghnáthchanna 330ml agus 8 cent ar bhuidéal 500ml.
- **Banda 2:** €24.39 in aghaidh an heictilítir má tá idir 8g siúcra nó níos mó in aghaidh 100ml ann — is ionann sin agus cáin 8 cent ar ghnáthchanna 330ml agus 12 cent ar bhuidéal 500ml.

**19.3** Tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as an gcáin a chur i bhfeidhm, atá féinmheasta agus ar cáin dleachta máil í. In 2023, bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim €5.7 billiún de ghlandhleacht mháil, arbh ionann €29 milliún de agus admhálacha ón gcáin siúcra.

**19.4** I mí Lúnasa 2023, thug an Roinn Sláinte cuireadh chun tairiscintí chun measúnú seachtrach a dhéanamh ar an gcáin siúcra le feiceáil cén chaoi ar éirigh léi lena cuspóirí beartais a bhaint amach. Thug an Roinn le fios go bhfuil an tuarascáil meastóireachta le foilsiú gan mhoill.

**19.5** Díríonn an t-iniúchadh seo ar

- na córais agus na gnásanna atá i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim chun éascaíocht a dhéanamh ar mheasúnú agus ar bhailiú tráthúil na cánach siúcra
- cé acu a bhfuil nó nach bhfuil córais shásúla i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim chun iad sin atá faoi dhliteanas i leith na cánach a shainaithint agus aon neamhchomhlíonadh féideartha a fhiosrú.

1 Tugadh an cháin isteach tar éis gur tugadh gealltanas sa Mheáchan Sláintiúil d'Éirinn: Beartas Murtall agus Plean Gníomhaíochta (2016 – 2025), a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2016.

2 Níl deochanna nach bhfuil siúcra sa bhreis iontu (mar shampla, súnna torthaí gan aon siúcra sa bhreis) inchurtha faoin gcáin seo, fiú má tá leibhéil arda de shiúcra nádúrtha iontu.


3 Baineann an cháin le deochanna próitéine plandabhunaithe má tá leibhéal an chailciam níos lú ná 119 mg in aghaidh 100 ml.

## Clárú don cháin siúcra

**19.6** Déantar an clárú maidir le dliteanas cánach siúcra a phróiseáil trí Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS). Go ginearálta, ní íoctar cáin siúcra ar tháirge dí ach uair amháin sa Stát. Is éard a chiallaíonn sé sin ná má tháirgtear agus má dhíoltar deoch siúcra-mhilsithe in Éirinn, ní chaithfidh ach an táirgeoir an cháin a chlárú agus a íoc. Má iompórtáiltear an deoch agus má dhíoltar in Éirinn é, is é an mórdhíoltóir nó an t-iompórtálaí miondíola a chaithfidh an cháin a íoc.

**19.7** I bhFíor 19.1 tugtar léargas ginearálta ar na riachtanais chláraithe don cháin, nuair a sholáthraítear deochanna bainteacha in Éirinn.

**Fíor 19.1 Ceanglais chlárúcháin do sholáthraithe agus an chéad soláthar de dheochanna siúcra-mhilsithe á dhéanamh acu in Éirinn**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**19.8** Má sholáthraítear deochanna siúcra-mhilsithe sa Stát ar bhonn tráchtála taobh amuigh den Stát (i.e. easpórtáilte), is féidir leis an easpórtálaí clárú chun aisíocaíocht a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le haon cháin siúcra a íocadh ar na deochanna.[1] Ní chaithfidh táirgeoirí bunaithe sa Stát a sheachadann soláthairtí lasmuigh den Stát amháin clárú don cháin siúcra.[2]

**19.9** Déantar iarratais ar chlárú do sholáthraithe a phróiseáil go huathoibríoch trí ROS gan idirghabháil ón gcásoibrí.[3] Déanann cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar iarratais ar chlárú d'easpórtálaithe, sula bhfaomhtar iad. Is éard a bhíonn i gceist leis an athbhreithniú seo ná an t-eolas a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais a dheimhniú, trína chos-sheiceáil le sonraí atá ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim cheana féin, maidir leis an soláthraí atá i gceist. D'fhéadfaí cáipéisí tacaíochta a iarraidh a bheith mar chuid de seo agus/nó cuairt a thabhairt ar áitreabh an trádálaí.

1 Is ionann curtha ar fáil lasmuigh den Stát agus dáilte ar bhallstát AE eile nó ar thriú tír.

2 Fágtar roinnt táirgeoirí ar lár ón gclárú má tá siad díolmhaithe faoi dhualgais lipéadaithe bia AE mar thoradh ar tháirgeadh mionscála.

3 Baineann sé seo le formhór na gceannteideal cánach eile m.sh. cáin ioncaim agus cáin chorparáideach.

**19.10** Ó mhí an Mhárta 2024 amach, bhí 189 clárú gníomhach don cháin siúcra — 169 soláthraí agus 20 easpórtálaí.[1] Chláraigh formhór na gcuideachtaí sin (83%) in 2018 nó in 2019, agus chláraigh an 17% eile idir 2020 agus 2023.

**19.11** Cuireadh 129 clárúchán ar ceal sa tréimhse 2018 go 2023:

- 58% acu toisc gur stop na cuideachtaí a chláraigh ag trádáil.
- 29% a bhain le cuideachtaí nár thrádáil riamh.
- 5% a rinne ionadaíocht do chuideachtaí nach bhfuil faoi dhliteanas i leith na cánach níos mó toisc go bhfuil a dtáirgí faoi bhun theorainneacha an cheana siúcra.


Cuireadh an 8% eile (11 chlárúchán) ar ceal ar chúiseanna éagsúla, an chúis ba choitianta ná gur chláraigh an chuideachta faoi chaibidil don cháin de bhotún.

## Admhálacha cánach siúcra

**19.12** Bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim €172 milliún glan in admhálacha cánach siúcra idir 2018 agus 2023 (féach Fíor 19.2). Laghdaigh na hadmhálacha bliantúla glana — is é sin, i ndiaidh na n-aisíocaíochtaí — ó €33 milliún in 2019 go €29 milliún in 2023. Bhain formhór an laghdaithe le deochanna ar gearradh cáin orthu faoi Bhanda 1 (i.e. an ráta íseal), agus laghdaigh na hadmhálacha glana ó €3.4 milliún go €0.6 milliún thar an tréimhse sin.[2] De réir chuspóirí na cánach, is dócha gur tháinig laghdú ar an méid airgid a tógadh isteach ón gcáin mar gheall ar athruithe ar iompar na dtomhaltóirí (i.e. deochanna a roghnú le cion siúcra níos ísle iontu) nó mar gheall gur chum na déantóirí leagan nua dá dtáirgí.

**19.13** Bhí próiseas comhairliúcháin oscailte ar siúl le soláthraithe ábhartha ó mhí Dheireadh Fómhair 2016 go mí Eanáir 2017, sular tugadh an cháin isteach i mí na Bealtaine 2018.[3] Tugadh cuireadh do dhaoine ar spéis leo í aighneachtaí a chur isteach. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin ná a shocrú conas a fheidhmeodh cáin ar dheochanna siúcra-mhilsithe sa chleachtas. Ba é an moladh ná go mbainfeadh an cháin le deochanna uiscebhunaithe agus súbhunaithe le cion siúcra bhreise de 5g in aghaidh 100ml ar a laghad. Dá réir sin, seans gur chum roinnt déantóirí leagan nua dá dtáirge go mbeadh an cion siúcra faoi bhun thairseach 5g siúcra in aghaidh 100ml sular tugadh an cháin isteach.

**Fíor 19.2** **Admhálacha glana ón gcáin siúcra briste síos de réir an bhanda cánach, 2018 – 2023**[a]




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Tugadh an cháin isteach ar an 1 Bealtaine 2018 agus dá bharr sin tá admhálacha 2018 do mhí Bealtaine go mí na Nollag.

1 Tá 176 cuideachta ar an iomlán cláraithe don cháin, agus tá 13 acu cláraithe mar sholáthraí sa Stát agus mar easpórtálaí araon.

2 Foilsíonn na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ar a suíomh gréasáin a bhaineann le méideanna fógartha agus cánacha bailithe faoi gach banda den cháin siúcra.

3 D'éascaigh an Roinn Sláinte agus an Roinn Airgeadais próiseas an chomhairliúcháin phoiblí.

## Réamhaisnéisiú na n-admhálacha cánach siúcra


**19.14** Cuireann an Roinn Airgeadais (an Roinn) réamhaisnéis le chéile d'admhálacha dleachta máil mar chuid den phróiseas bliantúil buiséid. Ba é €6.3 billiún an chéad réamhaisnéis d'admhálacha dleachta máil 2023. I nuashonrú an Chláir Cobhsaíochta i mí Aibreáin 2023, rinneadh athbhreithniú ar an réamhaisnéis d'admhálacha dleachta máil agus €5.8 billiún a bhí ann. Laghdaíodh an réamhaisnéis mar gheall ar athruithe beartais go príomha, maidir le síneadh na ndleachtanna máil ar bhreosla.

**19.15** Baineann na Coimisinéirí Ioncaim leas as an réamhaisnéis bhliantúil curtha le chéile ag an Roinn agus cionroinneann siad é thar na cánacha comhpháirteacha éagsúla m.sh. cáin charbóin, cáin alcóil agus cáin siúcra. Ansin, cuireann na Coimisinéirí Ioncaim réamhaisnéis mhíosúil le chéile do na cánacha seo agus measann siad na hathruithe céatadáin ón réamhaisnéis ar bhonn glan agus carnach thar an gcuid eile den bhliain. Cuireann réamhaisnéis inmheánach na gCoimisinéirí Ioncaim feidhmíocht na bliana roimhe sin san áireamh, chomh maith le treochtaí reatha i dtuairisceáin na gcáiníocóirí agus gnáthphatrúin íocaíochta.

**19.16** Ní fhiosraíonn na Coimisinéirí Ioncaim an bunús atá leis na treochtaí caithimh maidir le táirge incháanaigh. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur freagracht na Roinne atá ann, cuspóir an bheartais a mheas, ach go dtacaíonn siad leis an Roinn i dtaca leis seo, de réir mar is gá.

**19.17** I bhFíor 19.3 feictear réamhaisnéis na gCoimisinéirí Ioncaim don cháin siúcra i gcomparáid leis na hadmhálacha glana fíora thar an tréimhse 2019 go 2023. Chuimsigh an difríocht bhliantúil idir an réamhaisnéis agus an fíormhéid ó 4% go 10% sa tréimhse sin. Theip ar na hadmhálacha glana an méid a luadh sa réamhaisnéis a bhaint amach gach bliain, seachas sa bhliain 2022.

**Fíor 19.3** **Réamhaisnéis na gCoimisinéirí Ioncaim d'admhálacha cánach siúcra i gcomparáid leis an olltoradh glan, 2019 – 2023[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Níl na haisíocaíochtaí cánach siúcra san áireamh sna figiúirí olltoraidh.

## Comhlíonadh

### *Soláthraithe a d’fhéadfadh a bheith faoi dhliteanas i leith na cánach a shainaithint*

**19.18** I mí an Mheithimh 2018, bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim grúpa gníomhaíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chlárúcháin don cháin siúcra agus modhanna féideartha a mholadh chun soláthraithe nach bhfuil cláraithe a shainaithint. D’iarr an grúpa ar Rannóg na Mórchorparáidí (LCD) athbhreithniú a dhéanamh ar a bonn cásanna, agus d’iarr sé freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar chásanna neamh-LCD ag baint úsáid as modhanna eile na hanailíse sonraí chun rioscaí a shainaithint agus trádálaithe nach bhfuil cláraithe a nochtadh trí thairseach roinnte sonraí AE.

**19.19** I mí Lúnasa 2018, mar chuid den athbhreithniú ar chásanna LCD, cuireadh litir amach chuig 63 grúpa LCD, inar dúradh leo gur seans go bhfuil dualgas orthu clárú don cháin. Sa chás nach raibh na cuideachtaí laistigh an ghrúpa faoi dhliteanas i leith na cánach, iarradh orthu sa litir sonraí na gcuideachtaí a chuireann deochanna siúcra-mhilsithe ar fáil dóibh a thabhairt.

**19.20** Don 63 ghrúpa a ndeachthas i dteagmháil leo

- fuarthas freagra ó 41 grúpa — dúirt 11 go raibh cuideachta amháin ar a laghad ina ngrúpa cláraithe don cháin cheana féin, agus dhearbhaigh an 30 eile nach raibh a ngrúpa faoi dhliteanas i leith na cánach ag an am sin
- maidir leis na 22 ghrúpa nár fhreagair an litir
  - ní raibh trí cinn acu ag trádáil níos mó.
  - bhí seacht gcinn cláraithe don cháin cheana féin.
  - ní raibh ceann amháin faoi dhliteanas i leith na cánach ag an am.
  - maidir leis na 11 chás atá fágtha, tar éis na litreach meabhrúcháin a cuireadh chucu, ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim aon fhiosrú eile, ach luaigh na cásoibrithe nach bhfuil mórán riosca ag baint leis na cásanna sin.

**19.21** Thug na grúpaí a d’fhreagair an litir eolas faoi sholáthróirí agus mar thoradh air sin, sainaithníodh trí chuideachta atá laistigh de bhonn cásanna LCD faoi láthair, a bhfuil seans ann go raibh siad ag soláthar deochanna siúcra-mhilsithe agus dá réir sin go raibh siad faoi dhliteanas i leith na cánach siúcra. Agus athbhreithniú déanta acu, dhearbhaigh na Coimisinéirí Ioncaim

- nach ndíolann agus nach soláthraíonn dhá cheann de na cuideachtaí táirgí a chomhlíonann na critéir don cháin agus dá bharr sin ní chaithfidh siad clárú.
- nach dócha go bhfuil ceann amháin acu i mbun an chéad soláthair toisc go gceannaíonn sí go díreach ó sholáthraithe Éireannacha (agus dá bharr sin níl ach soláthar tánaisteach aici).

**19.22** Bunaíodh meitheal mar chuid den athbhreithniú ar chásanna neamh-LCD agus shainaithin sí roinnt critéar faoinar féidir cásanna féideartha cánach siúcra neamhchláraithe a aimsiú. Chuir brainse Taighde, Anailísíochta, agus Bainistíochta Eolais na gCoimisinéirí Ioncaim na critéir i bhfeidhm chun 392 trádálaí Éireannach a shainaithint nach raibh cláraithe don cháin ach a fuair earraí in 2017 ó sholáthraithe deochanna siúcra-mhilsithe. As na cásanna sin, thug na Coimisinéirí Ioncaim tús áite do 26 cinn chun dul i mbun idirghabhála. Eisíodh litreacha do 23 de na trádálaithe sin inar iarradh orthu féinmheasúnú a dhéanamh ar a riachtanais chlárúcháin. Mar thoradh ar an teagmháil sin, chláraigh cúigear trádálaí don cháin siúcra faoi dheireadh 2019, agus chláraigh trádálaí amháin eile in 2020.

**19.23** Maidir leis na trí chás eile as an 26 ar tugadh tús áite dóibh i dtús báire, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go raibh tionchar ag Covid-19 ar thosaíochtaí agus ar acmhainní na heagraíochta i gcaitheamh 2020 agus 2021, agus gur tugadh tús áite dá bpríomhchúram gnó i ndiaidh Covid-19. I bhfianaise imeachta na haimsire agus ó tharla go raibh na sonraí a raibh an t-athbhreithniú bunaithe orthu as dáta, níor fhill na Coimisinéirí Ioncaim ar an obair sin.

**19.24** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go gcuimsítear obair chomhlíontachta maidir leis an gcáin siúcra nuair is cuí sna hidirghabhálacha cuimsitheacha comhlíontachta. Mar shampla, chuir an brainse miondíola i Rannóg na bhFiontar Meánmhéide tús le fiosrúchán in 2023, a raibh athbhreithniú ar roinnt ceannteideal cánach i gceist leis, lena n-áirítear an cháin siúcra.

**19.25** I mí Iúil 2023, chuir Rannóg na bhFiontar Meánmhéide de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim tús le tionscadal píolótach comhlíontach a dhírigh ar mhórdhíoltóirí. Roghnaíodh trí chás chun athbhreithniú a dhéanamh orthu tar éis go bhfuarthas eolas ón LCD maidir leis an athrú ar shlabhra soláthair a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcáin siúcra. Aidhm an tionscadail seo is ea a chinntiú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na cuideachtaí ábhartha faoi dhliteanas i leith na cánach siúcra, agus mura bhfuil, cé acu a gcaithfidh nó nach gcaithfidh na soláthraithe a bhfuiltear ag ceannach deochanna uathu clárú don cháin. Táthar ag súil le go mbeidh an tionscadal curtha i gcrích faoi dheireadh mhí an Mhárta 2025.

**19.26** I ndeireadh 2023, rinne Rannóg Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar shampla dá bonn cásanna cláraithe don cháin siúcra. Roghnaíodh deich gcás don athbhreithniú ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí comhlíontachta atá ann don cháin siúcra agus don CBL, mar aon leo siúd a bhíonn i láthair de ghnáth i ngnólachtaí a bhíonn ag plé le hairgead tirim amháin. As na deich gcás sin

- bhí ceannacháin taobh istigh den AE de bhreis is €1 milliún ag cás amháin, ach ní raibh aon tuairisceáin chánach CBL ná siúcra aige — cuireadh an cás seo ar aghaidh chuig an bhfoireann ardriosca CBL le fiosrú agus tá sé fós ag dul ar aghaidh.
- tá dhá chás fós ag dul ar aghaidh i bhfoirm athbhreithnithe riosca leibhéil 2 atá ag iarraidh a dheimhniú go bhfuil na tuairisceáin a cuireadh isteach cruinn.

Rinne an Rannóg Gnó athbhreithniú ar chás amháin eile aisti féin, a tháinig chun cinn trí ghníomhaíochtaí comhlíontachta CBL, ina raibh deochanna boga a fuarthas taobh amuigh den Stát le bheith curtha ar fáil laistigh den Stát. Tá an cás sin ag dul ar aghaidh.

**19.27** I mí Iúil 2024, chuir na brainsí miondíola agus mórdhíola i Rannóg na bhFiontar Meánmhéide tús le tionscadal comhlíontachta atá ag díriú ar cháiníocóirí nach bhfuil cláraithe don cháin siúcra ach a d'fhéadfadh a bheith, bunaithe ar roinnt cúinsí mar shampla cur síos gnó, gníomhaíocht ar Chóras Iompórtála Uathoibríche na gCoimisinéirí Ioncaim agus Córas Aistrithe Eolais CBL. Mar chuid den tionscadal comhlíontachta seo, eisíodh 160 litir via ROS, ag iarraidh ar cháiníocóirí féinmheasúnú a dhéanamh le fáil amach ar cheart dóibh clárú don cháin siúcra. Iarradh orthu sa litir chomh maith, sa chás nach bhfuil an cáiníocóir faoi dhliteanas i leith na cánach, go dtabharfaidís sonraí na gcuideachtaí atá ag cur deochanna siúcra-mhilsithe ar fáil dóibh.

### *Comhlíonadh íocaíochta agus tuairisceáin*

**19.28** Tá tuairisceáin don cháin siúcra le cur isteach gach dara mí via ROS. De réir na bprionsabal féinmheasúnaithe, ní gá do cháiníocóirí cáipéisí tacaíochta a chur isteach le tuairisceán. Ní mór do sholáthraithe cláraithe nach ndearna soláthar d'aon táirge ábhartha le linn na tréimhse toradh 'nialasach' a chur isteach.

**19.29** Do 2023, ba é 81% an meánráta comhlíontachta tuairisceáin agus íocaíochta sa 'mhí le híoc' don cháin siúcra, agus ba é 91% an meánráta comhlíontachta sa 'mhí le híoc móide a haon'.[1] Déanann Rannóg an Ard-Bhailitheora sna Coimisinéirí Ioncaim bainistiú ar an gcomhlíontacht maidir le tuairisceáin agus íocaíochtaí na cánach siúcra. Déanann Rannóg an Ard-Bhailitheora na seiceálacha comhlíontachta seo a leanas gach dara mí

- ag dearbhú gur chuir iad siúd atá cláraithe don cháin an tuairisceán isteach.
- ag dearbhú gur íocadh an cháin atá le híoc laistigh den tréimhse ama ar leith.[2]

**19.30** Má theipeann ar cháiníocóir tuairisceán a dhéanamh faoin spriocdháta sonraithe, is féidir le Rannóg an Ard-Bhailitheora meastachán a ardú, a chuirtear chuig an gcáiníocóir sa phost agus ní mór an tsuim a íoc laistigh de dheich lá. Tá dualgas ar an gcáiníocóir fós an tuairisceán a chur isteach. Mura ngníomhaíonn an cáiníocóir laistigh de dheich lá ón dáta gur eisíodh an meastachán, eisíonn Rannóg an Ard-Bhailitheora litir éilimh dheiridh ina n-iarrtar ar an gcáiníocóir íocaíocht a dhéanamh laistigh de dheich lá ó dháta na litreach sin. Mura ngníomhaítear tar éis go bhfaightear litir éilimh dheiridh, cuirtear an cás ar aghaidh chuig an sirriam.[3] Cosúil leis na ceannteidil chánach eile, bíonn ús agus pionóis i gceist le híocaíochtaí malla na cánach siúcra.

**19.31** Le linn 2023, d'ardaigh Rannóg an Ard-Bhailitheora 133 meastachán, agus ina dhiaidh sin cuireadh litreacha éilimh dheiridh amach mar gheall ar 59 acu (i.e. 44%). As na 59 litir éilimh dheiridh a eisíodh

- Chuir 58 acu tuairisceán isteach agus d'íoc siad an tsuim iomlán/ cuid den tsuim a bhí le híoc.
- cuireadh cás amháin a raibh luach beagnach €13,800 (ús agus pionóis san áireamh) i gceist leis ar aghaidh chuig an sirriam le haghaidh forfheidhmithe.

1 Tuairiscíonn na Coimisinéirí Ioncaim rátaí comhlíontachta sa 'mhí le híoc' agus sa 'mhí le híoc móide a haon' ina dtuarascálacha bliantúla agus feictear ar cháiníocóirí sa dá chohórt go bhfuil siad comhlíontach.

2 Luaitear i dtreoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim gur cheart íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcáiníocóir faoi dheireadh na míosa i ndiaidh na tréimhse tuairisceáin.

3 Ní mór don tsuim atá le híoc a bheith breis is €500 le go gcuirfear ar aghaidh chuig an sirriam é.

### *Idirghabhálacha comhlíontachta*

**19.32** Mar chuid d'obair chomhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim, déanann cásoibrithe i ngach rannóg athbhreithniú ar chásanna bunaithe ar riosca. Idir 2018 agus 2023, bhí na Coimisinéirí Ioncaim i mbun 126 idirghabháil maidir leis an gcáin siúcra. I bhFíor 19.4 feictear an líon idirghabhálacha gach bliain agus an toradh a bhí air.

**Fíor 19.4 Idirghabhálacha maidir leis an gcáin siúcra agus na torthaí a bhí air sin, 2018 – 2023**

| Bliain | An líon idirghabhálacha a rinneadh | An líon idirghabhálacha a raibh toradh air | Toradh € |
|---|---|---|---|
| 2018 | 12 | — | — |
| 2019 | 47 | — | — |
| 2020 | 31 | 1 | 7,210 |
| 2021 | 16 | 2 | 85,415 |
| 2022 | 10 | 2 | 333,364 |
| 2023 | 10 | — | — |
| **Iomlán** | **126** | **5** | **425,989** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

**19.33** As na 126 idirghabháil a rinneadh, bhí cúig idirghabháil ann (4%) a raibh toradh beagnach €426,000 orthu (ús agus pionóis san áireamh). As na cúig idirghabháil a raibh toradh orthu

- tháinig ceann amháin chun cinn de bharr éilimh ar aisíocaíocht — sainaithníodh fadhbanna eile agus an t-éileamh ar aisíocaíocht á mheas, a raibh toradh beagnach €244,000 air (an t-ús san áireamh).
- tháinig ceann amháin chun cinn tar éis go ndearnadh seiceáil ar an láthair ag imeacht a shainaithin soláthraí nach raibh cláraithe don cháin agus fuarthas amach freisin gur neamh-chomhdaitheoir a bhí ann don cháin ioncaim.[1]
- ba nochtuithe cáilithe gan iarraidh iad trí cinn acu, a raibh luach €175,000 ag baint leo (ús agus pionóis san áireamh).

## Aisíocaíochtaí


**19.34** Tá faoiseamh cánach ar fáil d'easpórtálaithe deochanna siúcra-mhilsithe. Le bheith i dteideal aisíocaíochta, ní mór do na deochanna a bheith ceannaithe sa Stát inar íocadh an cháin siúcra cheana féin, agus a bheith easpórtáilte chuig ballstát AE nó tríú tír ina dhiaidh sin. Ní mór don chuideachta a bheith cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim mar easpórtálaí deochanna siúcra-mhilsithe.

**19.35** Rinneadh aisíocaíochtaí dar luach €4.4 milliún le 14 chuideachta sa tréimhse 2018 go 2023 (féach Fíor 19.5).[2]

1 Oibríocht ilghníomhaireachta a bhí ann, a rinneadh leis an Údarás Slándála Príobháidí.

2 Chuir na 14 chuideachta 154 éileamh ar aisíocaíocht isteach ar an iomlán sa tréimhse sin. Fuair roinnt cuideachtaí aisíocaíochtaí tar éis bliana.

**Fíor 19.5 Aisíocaíochtaí na cánach siúcra, 2018 – 2023[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a An bhliain ina ndearnadh an aisíocaíocht a léirítear, ní an bhliain a bhaineann leis an éileamh.

**19.36** Déantar iarratais ar aisíocaíocht na cánach siúcra via ROS, agus déanann foireann na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar gach iarratas sula bhfaomhtar iad. Luaitear an méid seo a leanas i dtreoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim:

- ní mór éilimh ar aisíocaíocht a chur isteach laistigh de shé mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ina ndearnadh na heaspórtálacha.
- tá ga leis an dara faomhadh do gach éileamh ar aisíocaíocht a mbaineann luach de bhreis is €50,000 leis.[1]

**19.37** Mar chuid den iniúchadh sin, rinneadh athbhreithniú i mí Aibreáin 2024 ar shampla de 101 éileamh ar aisíocaíocht — dar luach €1.9 milliún ar an iomlán — a cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim idir 2018 agus 2023. Ba iad seo a leanas na príomhthorthaí

- Seoladh gach éileamh ar aisíocaíocht thar €5,000 chun an dara faomhadh a fháil, cé go raibh na suimeanna éilimh aonair níos lú ná an teorainn €50,000 a shonraítear i dtreoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim. Astu sin
  - Faomhadh trí éileamh ar luach beagnach €25,000, a bhain le cáiníocóir amháin, ag leibhéal an ardoifigigh feidhmiúcháin (HEO) go pras. É sin ráite, i mí Aibreáin 2024, bhí dhá cheann de na héilimh ag fanacht leis an dara faomhadh ó mhí Márta 2023, agus bhí an tríú héileamh ag fanacht leis an dara faomhadh ó mhí Lúnasa 2023.
  - Ní dhearna cásoibrí athbhreithniú ar thrí éileamh a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair/na Samhna 2023, ar luach beagnach €46,000 agus a bhain le cáiníocóir amháin, go dtí mí Márta 2024 agus bhí siad ag fanacht leis an dara faomhadh ag am na tástála. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurbh é cúis na moille ar athbhreithniú na gcásanna ná gur eisíodh an dara huimhir sainaitheanta oibre don chásoibrí sannta de bhotún, agus ní raibh a fhios aige go raibh éilimh ag fanacht le hathbhreithniú faoin dara huimhir sainaitheanta.[2]

1 Ní mór don dara faomhadh a bheith ag leibhéal an phríomhoifigigh chúnta nó os a chionn sin.

2 Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur seans go mbeadh ar fhostaithe uimhreacha sainaitheanta oibre ar leith a bheith acu, má éilíonn a gcuid oibre go mbeidís ina mbaill de mheithleacha éagsúla. Ní féidir an t-ainm úsáideora céanna a úsáid in dhá mheitheal. Déanann bainisteoirí maoirseacht ar leithdháileadh na n-uimhreacha sainaitheanta oibre agus molann siad aon athrú ar shlándáil líonra roinne.

- Fuarthas éileamh ar aisíocaíocht amháin de €6,300 i mí Aibreáin 2023 agus rinne cásoibrí athbhreithniú air an chéad mhí eile. É sin ráite, níor chloígh an cásoibrí leis an ngnás ceart chun an cás a fhaomhadh agus a chur i gcrích, agus dá bharr sin bhí stádas 'athbhreithniú' leis fós ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar thoradh air sin, níor próiseáladh an aisíocaíocht ag am na tástála (Aibreán 2024). Luadh an fhadhb chéanna i dtrí éileamh eile ar shuimeanna níos lú (€340 ar an iomlán) a fuarthas idir mí Lúnasa agus mí na Nollag 2022. Rinne cásoibrithe athbhreithniú ar na héilimh sin i mí Eanáir 2023 ach níor próiseáladh na haisíocaíochtaí faoi mhí Aibreáin 2024.
- Faomhadh éileamh amháin ar bheagnach €9,000 a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair 2022 ag leibhéal HEO i mí na Samhna 2022, agus is cosúil go bhfuair sé an dara faomhadh i mí Aibreáin 2023. Mar sin féin, ní dhearnadh an íocaíocht go dtí mí Aibreáin 2024. I ndiaidh an fhiosrúcháin, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go raibh moill ar íocaíocht an éilimh seo mar gheall ar fhadhb theicniúil a raibh tionchar aici ar roinnt ceaduithe dara-leibhéil le cásoibrithe lasmuigh na meithleacha ábhartha. Cé gur cosúil sna cásanna sin gur éirigh leis an dara faomhadh, níor eisíodh na haisíocaíochtaí.
- Íocadh dhá éileamh ar luach breis is €4,000, cé gur cuireadh isteach iad níos mó ná sé mhí i ndiaidh dheireadh na dtréimhsí cuntasaíochta ina ndearnadh na heaspórtálacha, agus dá bharr sin ní raibh siad i dteideal aisíocaíocht a fháil. Cé nár lig rialacha ROS na héilimh mhalla ar aisíocaíocht a chur isteach ar líne, cuireadh éilimh chruachóipe an cháiníocóra faoi chaibidil isteach i gcórais na gCoimisinéirí Ioncaim de láimh agus faomhadh d'íocaíocht iad. Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh na híocaíochtaí seo de bhotún.

**19.38** Mar fhreagairt ar thorthaí na foirne imscrúdaithe, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh siad obair feabhais do na fadhbanna ar leagadh béim orthu san iniúchadh agus sna haisíocaíochtaí eisithe idir mí Aibreáin agus mí Iúil 2024 do na cáiníocóirí faoi chaibidil, seachas cás amháin (an t-éileamh ar €6,300). Tá an t-éileamh sin ar feitheamh go dtí go críochnáitear athbhreithnithe riosca leibhéil 2 atá á gcomhlíonadh chun dul i gceann rioscaí comhlíontachta ag éirí leis an gcás.

**19.39** Tharraing an tástáil shamplach aird nach léiríonn, le treoir na gCoimisinéirí Ioncaim, go cruinn an fíorchóras agus na gnásanna oibre atá i bhfeidhm d'fhaomhadh na n-éileamh ar aisíocaíocht. Shoiléirigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil gá leis an dara faomhadh do gach éileamh ar aisíocaíocht ar luach breis is €5,000 ag an gcéim éilithe, agus go gcuirtear stop uathoibríoch le haisíocaíochtaí de bhreis is €50,000 ag an gcéim íocaíochta ionas go bhfaomhann cásoibrí de láimh iad sula n-eisítear iad. D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim gur éiginnteacht agus easpa soiléireachta agus míthuiscint na foirne maidir leis na riachtanais faofa ba chúis leis an moill ar aisíocaíochtaí le roinnt cáiníocóirí.

**19.40** Toisc go bhfeidhmíonn an cháin siúcra mar dhleacht mháil, mura ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíocht laistigh de 93 lá ó fuarthas éileamh bailí, bíonn ús le híoc leis an éilitheoir.[1] Mar fhreagra ar cheist a chuir an fhoireann imscrúdaithe, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go raibh ús de bhreis is €1,730 le híoc maidir le hocht n-éileamh a ndearnadh athbhreithniú orthu le linn an iniúchta. Dhearbhaigh na Coimisinéirí Ioncaim gur íoc siad na suimeanna dlite i mí Lúnasa 2024.

1 Alt 105D den Acht Airgeadais 2001 arna chur isteach le hAlt 98 den Acht Airgeadais 2003agus arna leasú lehAlt 121(3) den Acht Airgeadais 2007.

## Conclúidí agus moltaí

**19.41** Tugadh an cháin siúcra isteach ar an 1 Bealtaine 2018. Ní beart ginte ioncaim go príomha í, tá sé mar aidhm ag an gcáin tionchar a imirt ar iompar an táirgeora agus/nó an tomhaltóra agus chun an caitheamh siúcra i ndeochanna milsithe a laghdú. Tá an cháin ar cheann de na bearta a dhíríonn ar dhul i ngleic leis an murtall in Éirinn.

**19.42** Reáchtálann na Coimisinéirí Ioncaim bailiú na gcánach siúcra. Feidhmíonn an cháin mar dhleacht mháil agus cuirtear i bhfeidhm í ar bhonn féinmheasúnaithe.

**19.43** Bhí luach €172 milliún ag baint le hadmhálacha glana don cháin siúcra idir 2018 agus 2023, le hadmhálacha glana bliantúla ag laghdú ó €33 milliún in 2019 go €29 milliún in 2023. Tharla formhór an laghdaithe ó 2019 mar gheall ar dheochanna ar gearradh cáin orthu faoi Bhanda 1 (i.e. an ráta is ísle). Is deacair a chinntiú cé mhéad den laghdú ar na hadmhálacha a bhaineann le hathmhúnlú táirge na mórdhíoltóirí agus cé mhéad de a bhaineann le hathruithe ar phatrúin chaithimh.

**19.44** Do 2023, ba é 81% an ráta comhlíontachta tuairisceáin agus íocaíochta sa 'mhí le híoc' don cháin siúcra, agus ba é 91% an meánráta comhlíontachta sa 'mhí le híoc móide a haon'. Tá sé mar aidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim rátaí comhlíontachta tuairisceán agus íocaíochta a uasmhéadú trí mheastacháin a ardú, éilimh dheiridh a eisiúint agus, más cuí, gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Anuas air sin, idir 2018 agus 2023, bhí na Coimisinéirí Ioncaim i mbun 126 idirghabháil maidir leis an gcáin siúcra, agus bhí toradh tuairim is €426,000 ar chúig cinn acu maidir leis an gcáin siúcra.

### *Faomhadh na n-aisíocaíochtaí*

**19.45** Tá faoiseamh cánach ar fáil d'easpórtálaithe deochanna siúcra-mhilsithe mar mhodh aisíocaíochta. Rinneadh aisíocaíochtaí ar luach €4.4 milliún sa tréimhse 2018 go 2023.

**19.46** Deirtear i dtreoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim nach mór don cháiníocóir éilimh ar aisíocaíocht a chur isteach laistigh de shé mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ina ndearnadh na heaspórtálacha agus nach mór éilimh ar shuimeanna de bhreis is €50,000 a sheoladh ar aghaidh chun an dara faomhadh a fháil.

**19.47** Tugadh faoi deara san athbhreithniú ar shampla éileamh ar aisíocaíocht a rinneadh i mí Aibreáin 2024 mar chuid den iniúchadh seo, go raibh moill ar roinnt aisíocaíochtaí, gur íocadh dhá éileamh cé go raibh siad neamhbhailí toisc gur cuireadh isteach iad níos mó ná sé mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ábhartha, agus go ndearnadh na cásoibrithe roinnt botún agus iad ag próiseáil roinnt éileamh.

**19.48** Tharraing tuarascáil na foirne imscrúdaithe aird nár léirigh treoir na gCoimisinéirí Ioncaim go cruinn an fíorchóras agus na gnásanna oibre atá i bhfeidhm d'aisíocaíochtaí na cánach siúcra. Shoiléirigh na Coimisinéirí Ioncaim anois go bhfuil gá leis an dara faomhadh do gach éileamh ar aisíocaíocht ar luach breis is €5,000 ag an gcéim éilithe, agus go gcuirtear stop uathoibríoch le haisíocaíochtaí de bhreis is €50,000 ionas go bhfaomhann cásoibrí de láimh iad sula n-eisítear iad. D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim gur éiginnteacht maidir leis na riachtanais faofa ba chúis leis an moill ar aisíocaíochtaí le roinnt cáiníocóirí.

### Moladh 19.1

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar an ngnás faofa d'éilimh ar aisíocaíocht na cánach siúcra, agus a dtreoir a nuashonrú de réir mar is gá chun a chinntiú go bhfuil tuiscint ag gach cásoibrí atá ag próiseáil agus ag faomhadh na gcásanna cánach siúcra ar an ngnás.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaíonn

I mí an Mheithimh 2024, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi athbhreithniú ar an ngnás d'fhaomhadh na n-éileamh ar aisíocaíocht na cánach siúcra, agus ina dhiaidh sin foilsíodh leagan nua den lámhleabhar cánach agus dleachta don cháin siúcra ag deireadh mhí Iúil 2024.

**Amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm**

Curtha i bhfeidhm i mí Iúil 2024.

### Moladh 19.2

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim cuimhneamh ar fheabhas a chur ar an gcóras chun

- bac a chur ar chásoibrithe nó a chur in iúl dóibh nach bhfuil an gnás ceart á leanúint acu agus an t-éileamh á fhaomhadh agus á chur i gcrích acu, agus
- aird a tharraingt ar éilimh ar aisíocaíocht nár cuireadh i gcrích laistigh d'achar áirithe ama.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaíonn

Sainaithníodh feabhsuithe córais a chuirfidh éifeachtúlacht agus luach cruinnis leis an ngnás faofa éileamh agus táthar á bhforbairt faoi láthair.  Déanfar athbhreithniú eile agus nuashonrú ar an lámhleabhar cánach agus dleachta, de réir mar is gá, chun athruithe córais a chur san áireamh agus iad eisithe.

**Amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm**

Táthar ag súil le go mbeadh na hathruithe ar an gcóras i bhfeidhm faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2024.  Déanfar nuashonrú ar an lámhleabhar cánach agus dleachta chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.